# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Tíreolaíocht

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid seo a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoi bhailíocht aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí srl. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile srl.

Beidh na nótaí seo a leanas in úsáid laistigh den chóras marcála ar líne chun na marcanna a bhronntar ar cheisteanna éagsúla a léiriú.

| **Nóta mínithe** | **Úsáidtear chun a Léiriú** |
|---|---|
| ✓1, ✓2, ✓3, ✓4, ✓5, ✓6 | Freagra (nó cuid de fhreagra) / pointe bailí ag gabháil 1, 2, 3, 4, 5, 6 mharc |
| ✓ | Freagraí farasbairr |
| 0 | Tá 0 marc ag gabháil le freagra mícheart |
| ▪–▪ | Tá na príomhábhair faoi líne |
| Ev | 2 mharc ag gabháil le fianaise / sampla |
| N2 / N3 | 2 / 3 mharc ag gabháil le hainmniú |
| ⌇ | Leathanach bán feicthe / Eolas feicthe ach níor bronnadh aon mharc |

**Ceist 1**

| | | |
|---|---|---|
| | | 35 marc |
| (a) | | 15 |
| (i) | Gual - **D**<br>Fuinneamh na gréine- **B**<br>Fuinneamh na taoide- **C**<br>Ola - **A** | 3<br>3<br>3<br>3 |
| (ii) | Ráiteas bailí (3/1/0)<br>Mura bhfuil ach sampla = 1 mharc | 3 |
| (b) | | 20 |
| (i) | Fliuchras | 3 |
| (ii) | Ainéimiméadar | 3 |
| (iii) | Dhá chúis mínithe @ 6m an ceann<br>Le haghaidh gach cúis:<br>Cúis ainmnithe agus dhá phointe bailí<br><br>Píosa fianaise léarscáile amháin @ 2m<br>Mura bhfuil ach píosa fianaise amháin tugtha is féidir 2m a bhronntar.<br><br>(A2 + PB2 + PB2) + (A2 + PB2 + PB2) + F2 = 14 mharc<br><br>D’fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar chúiseanna:<br>Easpa lonnaíochta sa cheantar, fána shéimh, in aice le háit chois cósta, srl. | 14 |

**Ceist 2**

| | | |
|---|---|---|
| | | 52 Marc |
| (a) | | 9 |
| (i) | Inbhear | 3 |
| (ii) | Lúb | 3 |
| (iii) | Síobadh feadh cladaigh | 3 |
| (b) | | 21 |
| (i) | Abhainn bhailí ar bith | 3 |
| (ii) | Dhá ghné ar bith a fhoirmítear mar thoradh ar sil-leagan (3 + 3)<br><br>D'fhéadfaí an méid seo a bheith san áireamh sna gnéithe ainmnithe:<br>Deilt, leibhé, tuilemhá, lúb, lúbloch srl. | 6 |
| (iii) | Míniú le cúig phointe bhailí @ 2m an ceann<br>Léaráid lipéadaithe (1m mura bhfuil lipéid ann) = 2m<br><br>PB2 + PB2 + PB2 + PB2 + PB2 + L2 = 12 mharc | 12 |
| (c) | | 22 |
| (i) | Le haghaidh gach ceann de na cúig mhír:<br>Léirigh = 1m<br>Lipéadaigh = 1m<br><br>D'fhéadfaí marc lipéid a bhronntar ar mhír atá léirithe go mícheart, bí ag súil le cruinneas réasúnta as an marc a léiriú.<br>Mura bhfuil an mhír léirithe, ní bhronntar marc ar bith ar lipéadú<br>Ní féidir marc a bhronntar as mír a léiriú ach gan lipéad ar bith. | 10 |
| (ii) | Dhá chúis mínithe @ 6m an ceann<br>I gcás gach cúis: cúis ainmnithe, pointe bailí mínithe amháin agus fianaise<br>(A2 + PB2 + F2) + (A2 + PB2+ F2) = 12 mharc<br>D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar chúiseanna:<br>Suíomh an chalafoirt ar an gcósta, úsáid na habhann le haghaidh trádála, talamh feirme torthúil atá nasctha le baile margaidh, srl. | 12 |

**Ceist 3**

| | | |
|---|---|---|
| | | 36 marc |
| (a) | | 20 |
| (i) | Bréagach | 3 |
| (ii) | Fíor | 3 |
| (iii) | Fíor | 3 |
| (iv) | Bréagach | 3 |
| (v) | Difríocht ainmnithe agus trí phointe bhailí mínithe<br>A2 + PB2 + PB2 + PB2 = 8 marc<br><br>Mura bhfuil gné chomparáide sa fhreagra, 4m ar a mhéad. | 8 |
| (b) | | 16 |
| (i) | 73% | 3 |
| (ii) | Dhá mhír ar bith ón liosta thíos (2 + 2)<br>Cístí / Sú / Beoir mhilis / Friochtóga / Taoschnónna | 4 |
| (iii) | Cúnamh déthaobhach | 3 |

(iv) Tuairiscín marcála i mbandaí do 6 mharc

D’fhéadfaí leis an bhfreagra tagairt a dhéanamh d’ardú daonra nó laghdú daonra, nó an dá cheann, le marcanna iomlána a bhronntar. Tá an mharcáil bunaithe ar an gcosaint.

| | | |
|---|---|---|
| Níl ar fáil | Mura dtugann an freagra aghaidh ar an gceist ar aon slí | 0 marc |
| Dona | D’fhéadfaí go mbeidh sonra teoranta sa fhreagra ar athrú cabhrach nó athrú daonra ach teipeann sé míniú a thabhairt ar an tionchar a mbíonn ag cabhair ar athrú daonra. | 2 mharc |
| Maith | Beidh roinnt sonra sa fhreagra ar chabhair agus athrú daonra ach tagairt theoranta ar an tionchar a mbíonn ag cabhair ar athrú daonra. | 4 mharc |
| Sármhaith | Léireofar tuiscint ar an tionchar a d’fhéadfaí a bheith ag cabhair ar athrú daonra agus d’fhéadfaí míniú amháin a thabhairt ar thionchar amháin a mbíonn ag cabhair go mion nó tionchair iomadúla a liostú.<br><br>Ní gá leis a bheith foirfe chun 8 marc a fháil.<br>D’fhéadfadh pointe amháin atá dea-fhorbartha marcanna iomlána a fháil m.sh. cuireann cabhair feabhas ar chúram sláinte le hoiliúint do dhochtúirí agus le hospidéil a thógáil ionas go maireann daonraí níos faide agus méadaíonn an daonra dá bharr srl. Ní gá tionchair iomadúla a bheith ann. | 6 mharc |

Ní mór marcanna liostaithe sa tábla amháin a bhronntar (0 nó 2 nó 4 nó 6).

Nuair atá tú ag déanamh cinneadh ar an marc ní mór an fhreagra a léamh agus cinneadh a dhéanamh ansin ar an tuairiscín is oiriúnaí. Bronn an marc ar an tuairiscín sin.

**Ceist 4**

| | | |
|---|---|---|
| | | 26 marc |
| (a) | | 16 |
| (i) | Trí bharra tarraingthe i gceart ar chairt @ 2/1/0 marc an ceann | 6 |
| (ii) | 700<br>Glac le 700,000 nó 700 míle chomh maith | 3 |
| (iii) | 1996 | 3 |
| (iv) | 640<br>Glac le 640,000 nó 640 míle chomh maith | 4 |
| (b) | | 10 |
| (i) | Baile nó cathair ar bith in Éirinn ainmnithe | 2 |
| (ii) | Fadhb amháin ainmnithe 2m<br>Fadhb mhínithe le trí phointe bhailí @ 2m an ceann<br>A2 + PB2 + PB2 + PB2 = 8 marc<br><br>Ní féidir réitigh a bheith san áireamh sna marcanna creidte as an bhfadhb a mhíniú.<br>D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar fhadhbanna:<br>Brú tráchta, easpa seirbhísí, iompar poiblí dona srl. | 8 |

**Ceist 5**

| | | |
|---|---|---|
| | | 33 marc |
| (a) | | 11 |
| (i) | Sa chúlra ar chlé | 3 |
| (ii) | Príomhúil | 3 |
| (iii) | Toisc ainmnithe 2m + cur síos 3m<br>(A2 + PB3)<br><br>Is féidir an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar thosca:<br>Láithreán mór, amhábhar in aice láimhe, gar do nasc iompair, srl. | 5 |
| (b) | | 22 |
| (i) | Gach téarma curtha isteach i gceart le 2m an ceann.<br><br>Tá meánteocht an domhain ag ardú mar gheall ar mhéadú na ngás ceaptha teasa san atmaisféar, is é an toradh atá air seo ná **athrú aeráide** Nuair a dhóitear **breoslaí iontaise** inár dtithe, monarchana agus trí thaisteal i gcarranna agus gáis eitleáin, mar shampla scaoiltear **dé-ocsaíd charbóin**, san atmaisféar. Tá an bhaint chrainn,a thugtar **dífhoraoisiú** air, ag cur leis an bhfadhb. | 8 |
| (ii) | Dhá iarmhairt mínithe @ 7m an ceann<br>I gcás gach iarmhairt:<br>Iarmhairt ainmnithe 2m + trí phointe bailí mínithe<br>(A2 + PB2 + PB2 + PB1) + (A2 + PB2 + PB2 + PB1) = 14 mharc<br><br>Is féidir an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar iarmhairtí:<br>Na hoighearchaidhpeanna ag leá, an méadú ar líon na bhfalscaithe, leibhéil na mara ag ardú, imirce aeráide, teochtaí domhanda ag méadú srl. | 14 |

**Ceist 6**

| | | |
|---|---|---|
| | | 32 marc |
| (a) | | 12 |
| (i) | Fíor | 3 |
| (ii) | Bréagach | 3 |
| (iii) | Fíor | 3 |
| (iv) | Fíor | 3 |
| (b) | | 12 |
| (i) | Gach iarmhairt lipéadaithe i gceart le 2 mharc an ceann | 10 |

| Iarmhairtí | Dearfach | Diúltach |
|---|---|---|
| Mar gheall ar an ollmhargadh atá beartaithe, cuirfear poist ar fáil do dhaoine sa limistéar mórthimpeall. | ✓ | |
| Ní bheidh siopaí logánta atá faoi úinéireacht teaghlaigh in ann dul in iomaíocht leis an ollmhargadh agus b'fhéidir go mbeidh orthu dúnadh síos. | | ✓ |
| D'fhéadfadh ollmhargadh nua margadh nua a sholáthar do tháirgeoirí bia logánta. | ✓ | |
| Íocfaidh na daoine a bheidh fostaithe san ollmhargadh nua cáin agus bainfear úsáid as an airgead seo faoi choinne seirbhísí riachtanacha ar nós ospidéil agus scoileanna. | ✓ | |
| Ní thaistealóidh daoine go dtí na siopaí i lár an bhaile agus caillfear gnó mar gheall air sin. | | ✓ |

| | | |
|---|---|---|
| (ii) | Tosca tarraingthe | 2 |
| (c) | Iarmhairt amháin ainmnithe 2m<br>Iarmhairt mínithe le trí phointe bhailí @ 2m an ceann<br>A2 + PB2 + PB2 + PB2 = 8 marc<br><br>D'fhéadfadh an freagra a bheith bunaithe ar réigiún deontóra nó réigiún glacadóra.<br>Is féidir an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar iarmhairtí:<br>Imirce daoine oilte, laghdú daonra, sraoilleáil uirbeach, róphlódú, srl. | 8 |

**Ceist 7**

| | | |
|---|---|---|
| | | 33 marc |
| (a) | | 8 |
| | Croí istigh **B**<br>Screamh **A**<br>Croí amuigh **C**<br>Maintlín **D** | 2<br>2<br>2<br>2 |
| (b) | | 25 |
| (i) | Bolcán suanach | 3 |
| (ii) | Foirmiú bolcáin @ 12m.<br>Léaráid lipéadaithe 2m (1m mura bhfuil lipéid ann).<br><br>Míniú le sé phointe bhailí @ 2m an ceann<br><br>PB2 + PB2 + PB2 + PB2 + PB2 + PB2 + L2 = 14m | 14 |
| (iii) | Iarmhairt an ghníomhaíocht bholcánach ainmnithe 2m<br>Plé le dhá phointe bhailí @ 2m agus sampla 2m<br>A2 + PB2 + PB2 + F2 = 8 marc<br><br>D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar iarmhairt ghníomhaíocht bholcánach:<br>Fuinneamh geoiteirmeach, méadú sa torthúlacht na hithreach, scriosadh maoine, srl.<br>D'fhéadfadh na samplaí a bheith bolcáin ar leith nó suíomhanna a raibh taithí acu ar ghníomhaíocht bholcánach lena n-áirítear:<br>Sliabh Etna, an Íoslainn, Haváí, Sliabh San Héilin, srl. | 8 |

**Ceist 8**

| | | |
|---|---|---|
| | | 31 marc |
| (a) | | 13 |
| (i) | Cáithníní mianracha | 3 |
| (ii) | 5 (%) | 4 |
| (iii) | Tionchar an fhásra ar ithir mhínithe i dtrí phointe bhailí<br>PB2 + PB2 + PB2 = 6 mharc<br><br>D'fhéadfadh tagairt don mhéid seo a leanas a bheith san áireamh sna tionchair fásra ar ithir:<br>Easair phlanda, creimeadh ithreach a chosc, láisteadh, srl. | 6 |
| (b) | | 6 |
| (i) | **Suíomh B** | 2 |
| (ii) | Dhá chúis luaithe go hachomair @ 2m an ceann<br>A2 + A2 = 4 mharc<br><br>D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar chúiseanna:<br>Tá na comhrianta gar dá chéile, níl foraois nó crainn ar bith i Suíomh B, srl. | 4 |
| (c) | | 12 |
| (i) | Dhá chineál ghníomhaíochtaí geilleagracha príomhúla ainmnithe @ 3m an ceann. | 6 |
| (ii) | Iarmhairt amháin ainmnithe le dhá phointe bhailí<br>A2 + PB2 + PB2 = 6 mharc<br><br>D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar iarmhairtí:<br>Scriosadh talamh feirme, bóthair dúnta, srl. | 6 |

**Ceist 9**

| | | |
|---|---|---|
| | | 53 marc |
| (a) | | 15 |
| (i) | Gach catagóir curtha isteach i gceart do 3m an ceann<br>Carraig dhríodair = Aolchloch<br>Carraig Mheiteamorfach = Marmar<br>Bruthcharraig = Basalt | 9 |
| (ii) | Suíomh bailí do gach cineál carraige @ 2m an ceann | 6 |
| (b) | | 12 |
| (i) | Sampla bailí ar bith de shuíomh luaite do 2 mharc.<br>Ráiteas bailí ar an gcaoi a ndéantar dúshaothrú ar charraigeacha ag an suíomh seo do 2 mharc.<br>A2 + F2 = 4 mharc<br>D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar shamplaí:<br>Mianaigh na Teamhrach áit a dtochlaítear do shinc agus luaidhe faoi thalamh, Stroighin na hÉireann (Irish Cement i mBéarla) i bPlaitín áit a bhfuil cairéil aolchlocha ann, srl. | 4 |
| (ii) | Dhá iarmhairt mínithe @ 4m an ceann<br>I gcás gach iarmhairt mínithe 2m agus míniú le pointe bailí amháin<br>(A2 + PB2) + (A2 + PB2) = 8 marc<br><br>D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar shamplaí d'iarmhairtí eacnamaíochta:<br>Cruthaítear poist, cuirtear feabhas ar na bóithre sa cheantar, srl.<br><br>D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar shamplaí d'iarmhairtí chomhshaoil:<br>Truailliú ó thorann, truailliú uisce, astúcháin dhíobhálacha a dtagann as eastóscadh, srl. | 8 |
| (c) | | 26 |
| (i) | Gach gné lipéadaithe i gceart do 3m an ceann.<br>**A** – Aolchuisne<br>**B** – Aolchoinneal<br>**C** – Gallán/colún | 9 |
| (ii) | Dhá ghné bhailí ar bith den dromchla do 3m an ceann<br>D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar shamplaí:<br>Gríoga, clinteanna, súmairí srl. | 6 |
| (iii) | Ceimiceach | 3 |
| (iv) | Míniú ar an bpróiseas carbónáitiú le ceithre phointe bhailí<br>PB2 + PB2 + PB2 + PB2 = 8 | 8 |

**Ceist 10**

| | | |
|---|---|---|
| | | 29 marc |
| (a) | | 17 |
| (i) | Dhá rotharbhealach bhailí ar bith ainmnithe @ 3m an ceann.<br><br>D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar shamplaí:<br>An Bealach Oidhreachta, The Kelly Legacy, Glasbhealach Phort Láirge, Railway Loop | 6 |
| (ii) | Rud is díol spéise do thurasóirí ainmnithe @ 2m<br>Tagairt eangaí sé fhigiúr @ 3 / 1 / 0<br>Má tá an rud is díol spéise ainmnithe ní fhéadfaí ach 2 mharc a bhronntar.<br>Má tá an rud is díol spéise ainmnithe i gceart ach tá an fhianaise mhícheart bronn 2m don ainmniú agus marcáil an tagairt eangaí 0m.<br>Mura bhfuil litir fhoroinne ach tá sé fhigiúr chruinn bronn 1m ar a mhéad don tagairt eangaí.<br><br>D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar rud is díol spéise do thurasóirí:<br>Láithreacha stairiúla ar nós an chaisleáin, cúrsa gailf, gníomhaíochtaí bhádóireachta, srl. | 5 |
| (iii) | Míniú le trí phointe bhailí.<br>PB2 + PB2 + PB2 = 6 mharc | 6 |
| (b) | | 12 |
| (i) | Naoi | 3 |
| (ii) | 600,000 | 3 |
| (iii) | Iarmhairt dhiúltach amháin ainmnithe 2m<br>Iarmhairt dhiúltach mínithe le dhá phointe bhailí<br>A2 + PB2 + PB2 = 6 mharc<br><br>Is féidir an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar iarmhairtí diúltacha:<br>Ag fágáil bruscar i do dhiaidh, d'fhéadfadh méadú san iompar a bheith mar chúis do bhrú tráchta, d'fhéadfadh slua mór daoine na gnáthóga nádúrtha a scriosadh, srl. | 6 |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos.**

## *Tábla 360 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 360 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 270 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mhairc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 271 - 273 | 26 |
| 274 - 276 | 25 |
| 277 - 280 | 24 |
| 281 - 283 | 23 |
| 284 - 286 | 22 |
| 287 - 290 | 21 |
| 291 - 293 | 20 |
| 294 - 296 | 19 |
| 297 - 300 | 18 |
| 301 - 303 | 17 |
| 304 - 306 | 16 |
| 307 - 310 | 15 |
| 311 - 313 | 14 |
| 314 - 316 | 13 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 317 - 320 | 12 |
| 321 - 323 | 11 |
| 324 - 326 | 10 |
| 327 - 330 | 9 |
| 331 - 333 | 8 |
| 334 - 336 | 7 |
| 337 - 340 | 6 |
| 341 - 343 | 5 |
| 344 - 346 | 4 |
| 347 - 350 | 3 |
| 351 - 353 | 2 |
| 354 - 356 | 1 |
| 357 - 360 | 0 |
| | |

Nóta: Scéim mharcála mhionathruithe ar fáil d'iarrthóirí a rinne páipéar scrúdaithe mionathruithe.